Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022
(OR. en)

10402/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0151(NLE)**

SCH-EVAL 88
MIGR 196
COMIX 329

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9752/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an **Iodáil**, ar meastóireacht í ar chur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an **fhillte** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an Iodáil maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Meitheamh 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an Iodáil maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an fhillte**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an fhillte i ndáil leis an Iodáil idir an 28 Meitheamh agus an 2 Iúil 2021. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 950 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Leis an gcóras bainistithe cásanna um fhilleadh atá ag an Iodáil, soláthraítear uirlis éifeachtúil chomhtháite do na húdaráis náisiúnta, uirlis lena dtugtar tús áite do bhainistiú éifeachtach cásanna um fhilleadh, agus meastar gur pointe spéise ar leith é a chuireann le héifeacht Airteagal 8(1) de Threoir 2008/115/CE. Ina theannta sin, meastar gur pointí spéise ar leith iad neamhspleáchas an Ráthóra Náisiúnta, raon feidhme a ghníomhaíochta, an oiliúint a chuirtear ar na tionlacaithe um fhilleadh maidir le cearta bunúsacha, chomh maith le líonra réigiúnach an lucht faireacháin oilte don fhilleadh éigeantach atá ag oibriú ar chríoch iomlán na hIodáile, i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bhfilleadh éigeantach.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an Iodáil chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé Treoir 2008/115/CE a chomhlíonadh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1, 3, 4 agus 7.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 3 mhí ó dháta a ghlactha, ba cheart don Iodáil, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú ina liostófar na moltaí ar fad chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas agus an plean gníomhaíochta sin a chur ar fáil don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

Ba cheart don Iodáil an méid seo a leanas a dhéanamh

1. a áirithiú go n-eiseofar cinneadh um fhilleadh, gan mhoill, d’aon náisiúnach tríú tír ar diúltaíodh dá iarraidh ar fhanacht dlíthiúil nó ar chosaint idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2008/115/CE, mar a luaitear freisin i Moladh 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 6358/17 ón gComhairle;

2. a áirithiú go bhforchuirfear leis na cinntí agus na horduithe um fhilleadh oibleagáid shoiléir maidir le filleadh chuig tríú tír de réir bhrí an tsainmhínithe ar ‘filleadh’ a leagtar amach in Airteagal 3(3) de Threoir 2008/115/CE;

3. a áirithiú go n-urramófar an ceart chun éisteacht a fháil sula n-eiseofar cinneadh um fhilleadh chun aird chuí a thabhairt ar na himthosca ábhartha uile a bhaineann le gach cás ar leithligh;

4. a áirithiú, agus measúnú á dhéanamh ar leas an linbh i ndáil le mionaoisigh neamhthionlactha, de bhua Airteagal 5(a) de Threoir 2008/115/CE, go ndéanfar a mheas go córasach an réiteach marthanach é an filleadh éigeantach agus aird á tabhairt ar riachtanais ar leith an linbh chomh maith leis na dálaí glactha sa tír a mbeifear ag filleadh uirthi mar a cheanglaítear le hAirteagal 10 de Threoir 2008/115/CE, mar a luaitear freisin i Moladh 5 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 6358/17 ón gComhairle;

5. an reachtaíocht náisiúnta a leasú chun gur féidir cinneadh um fhilleadh a eisiúint agus toirmeasc ar theacht isteach a fhorchur freisin i gcásanna ina n-aimsítear fanacht neamhdhleathach le linn seiceála ar imeacht ar bhonn cás ar chás agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2008/115/CE, mar a luaitear freisin i Moladh 6 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 6358/17 ón gComhairle;

6. feabhas a chur ar an mbonneagar, ar na seirbhísí agus ar na dálaí maireachtála in ionaid choinneála. A áirithiú go n-urramófar an ceart chun príobháideachta sna limistéir sláintíochta agus le linn cuairteanna le dlíodóirí agus/nó le síceolaithe;

7. gach beart is gá a dhéanamh chun forfheidhmiú cinntí um fhilleadh a áirithiú ar bhealach éifeachtach, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2008/115/CE; chun na críche sin, go háirithe, na hacmhainní daonna iomchuí a áirithiú; an acmhainneacht choinneála a chur i gcomhréir leis na riachtanais iarbhír; deireadh a chur leis na constaicí lena gcuirtear srian le húsáid beart malartach ar choinneáil; cur chun cinn na dtionscadal um fhilleadh deonach cuidithe agus um ath-imeascadh a mhéadú, i measc tionscadail eile, trí fhor-rochtain réamhghníomhach agus trí chomhairleoireacht.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*